Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**15759/25**

**ECOFIN 1580**
**UEM 575**
**FIN 1430**
***ECB***
***EIB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021**
**maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Fhrainc plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ('an plean') a chur isteach an 28 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 14 Iúil 2023[3].

(2) An 28 Deireadh Fómhair 2025, rinne an Fhrainc iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean leasaithe curtha isteach ag an bhFrainc.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Fhrainc isteach de bharr imthosca oibiachtúla, baineann siad le 24 bheart.

---

[2] Féach doiciméid ST 10162/21 agus ST 10162/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[3] Féach doiciméid ST 11150/23, ST 11150/23 ADD 1 REV 2 agus ceartúchán ST 14651/24 at http://register.consilium.europa.eu.

(4) Tá mínithe ag an bhFrainc nach féidir ceithre bheart a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla gan choinne a bhaineann le tionscadail shonracha atá mar chuid de na bearta. Baineann sé sin le bearta C3.I1 (Tacaíocht don earnáil iarnróid), C4.I3 (Plean tacaíochta d'earnáil na haerloingseoireachta), C9.I3 (Athchóiriú bunaíochtaí liachta-shóisialta), agus C10.I1 (Tionscal saor ó iontaise). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bhFrainc go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Tá mínithe ag an bhFrainc nach féidir beart amháin a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar an ualach riaracháin is gá chun é a chur chun feidhme agus idirdhealú soiléir a bheith ann ó bheart eile. Baineann sé sin le bearta C2.I8 (Athchúrsáil agus athúsáid). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bhFrainc go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Tá mínithe ag an bhFrainc nach féidir beart amháin a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar an ualach riaracháin is gá chun é a chur chun feidhme. Baineann sé sin le bearta C7.I8 (Uasghrádú digiteach ar an gcóras oideachais). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bhFrainc go mbainfí an beart sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(7) Tá mínithe ag an bhFrainc go bhfuil beart amháin ann nach féidir a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar fhéimheacht an chomhfhiontar 'Hyvia'. Baineann sé sin le bearta C10.I2 (IPCEI Hidrigin). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bhFrainc go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(8) Tá mínithe ag an bhFrainc nach féidir beart amháin a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar leibhéal uaillmhéine na scéime 'MaPrimeRenov' a bheith níos airde ná mar a bhí beartaithe ar dtús tráth a cuireadh REPowerEU isteach in 2023, rud a d'fhág gur tháinig méadú ar chostas aonaid gach tionscadail. Baineann sé sin le bearta C10.I4 (Athchóiriú fuinnimh ar thithíocht phríobháideach, le 'MaPrimeRenov'). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bhFrainc go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(9) Tá mínithe ag an bhFrainc go bhfuil beart amháin leasaithe chun rogha malartach níos fearr a chur chun feidhme chun a uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin le bearta C7.I11 (Tacaíocht d'earnálacha cultúrtha agus d'athchóirithe oidhreachta). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bhFrainc an beart sin a leasú. Ós rud é go bhfuil údar le leasú an bhirt mar gheall ar na himthosca sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(10) Tá mínithe ag an bhFrainc go bhfuil 15 bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cur chun feidhme Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le bearta C1.R2 (Athbhreithniú ar an rialachán teirmeach le RE2020), C2.I7 (Nuachóiriú a dhéanamh ar chórais lárionad sórtála, athchúrsála agus diúscartha dramhaíola), C2.R2 (An Dlí maidir leis an ngeilleagar ciorclach), C3.I3 (An tSoghluaisteacht Laethúil: bonneagar iompair phoiblí a fhorbairt), C3.I6 (Cuanta a Ghlasú, C4.I2 Hidrigin dhícharbónaithe a fhorbairt), C6.R1 (Gnéithe struchtúracha den Dlí um Chlársceidealú Taighde), C7.R1 (Dlí maidir le difreáil, dílárú, dí-chomhchruinniú agus maidir le bearta éagsúla chun gníomhaíocht phoiblí áitiúil a shimpliú (3DS)), C7.R2 (Dlí orgánach maidir le turgnaimh), C7.R5 (Measúnú ar cháilíocht an chaiteachais phoiblí), C7.I1 (Digitiú cuideachtaí), C7.I6 (iarratais ón Aireacht Gnóthaí Baile), C8.R3 (Sláinte agus sábháilteacht ag an obair), C9.I2 (Ospidéil agus soláthar cúraim a nuachóiriú agus a athstruchtúrú), C10.I3 (Athchóiriú teirmeach ar fhoirgnimh phoiblí). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bhFrainc go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(11) Tar éis bearta a bhaint nó a leibhéal cur chun feidhme a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an bhFrainc úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh trí na bearta a bhaint agus tríd an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun leibhéal cur chun feidhme beart amháin a mhéadú. Baineann sé sin le C10.I5 (Tacaíocht don éileamh ar fheithiclí glana). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bhFrainc go méadófaí leibhéal cur chun feidhme beart amháin, eadhon C3.I2 (Tacaíocht don éileamh ar fheithiclí glana (plean maidir le gluaisteáin)). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

*Measúnú an Choimisiúin*

(12) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Gan dochar suntasach a dhéanamh*

(13) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe nach ndéanfaidh aon bheart (rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a chuimsítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sin, nach ndéanfaidh aon bheart dá leithéid dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'). Déantar measúnú sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe ar chomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir na modheolaíochta a leagtar amach san Fhógra ón gCoimisiún dar teideal 'Treoraíocht theicniúil maidir le cur i bhfeidhm 'gan dochar suntasach a dhéanamh' faoi Rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta'[5]. Déantar an measúnú go córasach le haghaidh gach athchóirithe agus infheistíochta leasaithe nua de réir an chur chuige dhá chéim. Is é conclúid an mheasúnaithe nach bhfuil aon riosca ann go ndéanfar dochar suntasach i gcás gach beart leasaithe. I gcás inar gá, tá ceanglais mheasúnú 'gan dochar suntasach a dhéanamh' cumhdaithe i ndearadh birt nó tá siad sonraithe i gcloch mhíle nó i sprioc de chuid an bhirt sin. Ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid nach ndéanann aon bheart dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

---

[4] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj).

[5] IO C 58, 18.2.2021, lch. 1.

***Rannchuidiú le cuspóir REPowerEU***

(14) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de, agus le critéar 2.12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, meastar go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí fuinnimh in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(15) Sprioc 10-6 (Feithiclí tráchtála éadroma H2 (tionscadal Hyvia)) d'infheistíocht C10.I2 (IPCEI Hidrigin a bhaint) agus an laghdú ar leibhéal cur chun feidhme infheistíocht (C10.I1 Tionscal saor ó iontaise), déantar iad a fhrithchothromú leis an mbeart méadaithe C10.I5 (Tacaíocht don éileamh ar fheithiclí glana faoi REPowerEU). Leis an mbeart méadaithe sin sa chaibidil REPowerEU, tugtar isteach feabhas substainteach ar leibhéal uaillmhéine na hinfheistíochta atá sa bheart cheana féin beart C3.I2 (Tacaíocht don éileamh ar fheithiclí glana), rud a thacaíonn le feithiclí hibrideacha agus feithiclí lánleictreacha araon. Tacaíonn an beart méadaithe le 109 300 feithicil bhreise leictreach nó hidrigine astaíochtaí nialasacha a cheannach. Na hathruithe a tugadh isteach sna bearta trí athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean, ní dhéanann siad difear don mheasúnú a rinneadh ar REPowerEU, atá fós mar a bhí sé.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(16) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 49 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe, agus 93,4 % de chostas mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU, méideanna arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.

(17) Ní dhéanann leasú an phlean téarnaimh agus athléimneachta athrú ábhartha ar a uaillmhian i leith an aistrithe ghlais, ós rud é nár tháinig ach laghdú 0,5 pointe céatadáin ar an leithdháileadh iomlán le haghaidh bearta a thacaíonn leis na cuspóirí aeráide i gcomparáid le measúnú leasaithe an 26 Meitheamh 2023. Is toradh é an laghdú sin ar an laghdú ar roinnt beart, eadhon infheistíocht C3.I1 (Tacaíocht d'iarnród), infheistíocht C10.I1 (Tionscal saor ó iontaise), agus Infheistíocht C10.I2 (IPCEI Hidrigin), agus ar an gclibeáil ghlas a bhaint de bheart C9.I3 (Athchóiriú bunaíochtaí liachta-shóisialta), rud a chúitítear leis an uas-scálú ar bheart C10.I5 (Tacaíocht don éileamh ar fheithiclí glana). Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe sin difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

*Rannchuidiú leis an aistriú digiteach*

(18) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb é atá inti 21,5 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(19) Ní dhéanann leasú an phlean téarnaimh agus athléimneachta athrú ábhartha ar a uaillmhian i leith an aistrithe dhigitigh, ós rud é nach bhfuil ach laghdú 0,1 pointe céatadáin tagtha ar an leithdháileadh iomlán le haghaidh bearta lena dtacaítear leis an aistriú digiteach i gcomparáid le measúnú leasaithe an 26 Meitheamh 2023. Is é is cúis leis an laghdú sin infheistíocht C7.I8 Uasghrádú digiteach ar an gcóras oideachais a bhaint. Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe sin difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

*Costáil*

(20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(21) I gcás na mbeart a laghdaíodh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, bhí an laghdú ar chostais mheasta comhréireach leis an laghdú ar na clocha míle agus na spriocanna ábhartha é sin nó bhí sé bunaithe ar mhodheolaíochtaí dea-cháilíochta agus doiciméadacht tacaíochta le fianaise go raibh údar leis na modhnuithe costais, agus go raibh siad réasúnta agus inchreidte. Ar deireadh, tá méid chostas iomlána mheasta an phlean i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint***

(22) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n- áirítear caibidil REPowerEU, is leormhaith iad (rátáil A) chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus táthar ag súil leis na socruithe go ndéanfar maoiniú dúbailte faoin Rialachán sin agus faoi cláir eile an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

(23) Ó rinneadh an measúnú a tháinig roimh an gceann seo, bhí rochtain ag an gCoimisiún ar fhaisnéis maidir le cur chun feidhme reatha chóras iniúchóireachta agus rialúcháin na Fraince. Áirítear leis sin torthaí na hiniúchóireachta ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais arna ndéanamh ag an gCoimisiún sa Fhrainc.

---

[6] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollacha chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj).

(24) I bhfianaise na faisnéise sin, measann an Coimisiún go bhfuil córas rialúcháin inmheánaigh plean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince leordhóthanach ar an iomlán.

***Aon chritéir mheasúnaithe eile***

(25) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Fhrainc chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (db), (g), (h), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

***Measúnú dearfach***

(26) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(27) Is é EUR 41 089 518 309 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Fraince. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Fhrainc, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Fraince, ba cheart gurb é EUR 40 269 973 178 an méid sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Fhrainc.

(28) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán.

(29) Tá an Cinneadh seo gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d’fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

7 Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe*

Formheastar an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe don Fhrainc a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*

*Leasú*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince.

*Airteagal 3*

*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Fraince.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*